



An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2020

www.antudaraspinsean.ie

CLÁR NA nÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
An tÚdarás Pinsean	4
Achoimre ar an ngníomhaíocht do 2020	5
Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach.....	6
Coiste an Údaráis.....	11
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, le cur os comhair Thithe an Oireachtais	12
Ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis.....	14
Ráiteas maidir le rialú inmheánach.....	19
Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe.....	21
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach.....	22
Ráiteas ar an staid airgeadais.....	23
Ráiteas ar shreafaí airgid	24
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	25
Aguisín I <i>Ballraíocht i scéimeanna pinsean ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta.....</i>	38



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir Alt 23(2) d’Acht na bPinsean, 1990.

Dúshlán in 2020

Ar na dúshlán ba mhó a bhí le sárú againn in 2020 bhí an mhoill a bhí ann maidir le Treoir IORP II a thrasú agus éifeachtaí na paindéime Covid-19. Leanadh ar aghaidh ar feadh 2020 leis an obair ullmhúcháin chun aistriú chuig maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach agus, cé gur obair chianda a bhí i gceist leis sin, rinneadh dul chun cinn maith.

IORP II a thrasú

Le linn 2020, lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le hullmhú chun Treoir IORP II a thrasú i ndlí na hÉireann.

Foilsíodh na rialacháin lena ndéantar forálacha Threoir IORP II a thrasú go dlí na hÉireann an 27 Aibreán 2021.

Le linn 2021 beidh teagmháil leanúnach á déanamh le hearnáil na bpinsean maidir le forálacha na reachtaíochta trasuite, maidir le pleananna forfheidhmiúcháin an Údaráis, agus maidir le hionchais an Údaráis i ndáil lena n-obleagáidí faoi IORP II a bheith á gcomhlíonadh ag aonáin rialáilte.

Sa ráiteas ón Rialtóir Pinsean a ghabhann leis an tuarascáil seo, leagtar amach ar shlí níos mionsonraithe na pleananna cur chun feidhme agus a bhfuiltear ag súil leis ó iontaobhaithe de réir mar a thiocfaidh ceanglais iomlána IORP II i bhfeidhm.

Tionchar Covid-19

Bhí sé ina thoradh ar an bpaindéim Covid-19 gur tháinig laghdú ar ioncam a lán daoine agus d’fhéadfadh sé sin dul i gcion ar an gcumas atá acu leanúint ar aghaidh ag íoc a gcuid ranníocaíochtaí pinsin.

Rinne an tÚdarás monatóireacht ar thionchar na paindéime ar earnáil na bpinsean i rith na bliana. Cé is moite d’fhíorbheagán eisceachtaí, d’fheidhmigh córas riaracháin agus córas bainistíochta na scéimeanna go han-mhaith. Rud is tábhachtaí fós, leanadh ag íoc sochar agus bailíodh agus infheistíodh ranníocaíochtaí gan bhriseadh. Bhí roinnt dúshlán phraiticiúla le sárú mar gheall gur ghá cianobair a dhéanamh, amhail próisis láimhe pháipéir a athrú go formáid leictreonach agus cruinnithe fíorúla iontaobhaithe a thionól. Mar sin féin, is cosúil go bhfuair iontaobhaithe scéimeanna agus a gcuid comhairleoirí an lámh in uachtar ar na deacrachtaí.

Ar an iomlán, is maith mar a d’éirigh le socrúithe cianoibre an Údaráis mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19 in 2020. Ba mar sin a bhí in 2021 freisin agus déanfar an cur chuige a oiriúnú de réir threoirinte an Rialtais le himeacht na bliana.

Bhí dúshlán roimh na fostaithe go léir agus iad ag obair ón mbaile, go háirithe sna míonna luatha nuair nach raibh an trealamh TF ag gach duine a bhí de dhíth air nó uirthi, agus nuair a bhí na scoileanna agus na seirbhísí cúraim leanaí dúnta. Thóg sé tamall freisin ar gach duine dul in oiriúint don chumarsáid nuair nach raibh gnáth-theagmháil duine le duine i gceist. D’fhág Covid-19 go raibh obair bhreise shonrach le déanamh ag go leor fostaithe, a thacaigh le daoine a bhí ag obair ón mbaile agus a chuir chun feidhme beartais agus nósanna imeachta nua a ceanglaíodh faoi phrótacail an Rialtais maidir le déileáil le Covid-19 san ionad oibre.

Obair an Údaráis

Leagtar amach an obair a rinne foireann an Údaráis le linn 2020 sa tuarascáil bhliantúil seo. In ainneoin na ndúshlán, coinníodh an phríomhobair go léir ar bun, lena n-áirítear obair mhaoirseachta ó lá go lá, freagraí ar fhiosrúcháin ar an teileafón agus ar líne, córais TF, earcaíocht, tacaíocht don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le trasú IORP II, agus tacaíocht i ndáil le saincheisteanna eile de réir mar a tháinig siad i gceist.

Mar shampla, tionóladh 66 cruinniú maoirseachta agus rannpháirtíochta (ar bhonn fíorúil) le haonáin rialáilte lena chinntiú go raibh a n-obleagáidí faoi Acht na bPinsean á gcomhlíonadh acu. I measc na gcruinnithe sin, mar chuid den aistriú atá ar bun aige chuig maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach, chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le holl-iontaobhais agus le scéimeanna móra le sochar sainithe lena mheas cé chomh maith agus a bhí siad ag comhlíonadh a n-obleagáidí rialachais agus riosca.

Is é atá i gceist le hobair mhaoirseachta an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar an mbainistíocht chuí ar choigiltis scoir atá á déanamh ag na haonáin rialáilte a bhfuil breis agus €115 billiún de choigiltis ball scéimeanna pinsin agus ranníocóirí PRSA faoina gcúram acu.

Le cur chun feidhme Threoir IORP II, leagfar síos dianchaighdeáin ina leith siúd a bhainistíonn coigiltas daoine eile i scéimeanna pinsin ceirde. Déanfaidh an tÚdarás maoirseacht ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin chun an toradh is fearr a chinntiú do bhaill na scéime.

Obair an Údaráis Pinsean a mhaoiniú

Mar a sonraíodh i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, fágfaidh an mhaoirseacht níos mionsonraithe atá sainordaithe faoi IORP II agus an mhaoirseacht maidir le bailiú sonraí gur mó a bheidh na costais a bhaineann le reáchtáil an Údaráis.

Rinne an tAire Coimirce Sóisialaí foráil d'fhóirdheontas €3 mhilliún i leith na bliana 2021 ón Státhiste don Údarás. Tá an maoiniú dírithe go sonrach ar an gcaiteachas caipitil méadaithe atá riachtanach chun acmhainn TF agus bainistíochta sonraí an Údaráis a fhorbairt. Is féidir an maoiniú a aisghabháil ó ioncam a thiocfaidh ó tháillí an Údaráis amach anseo.

Is i leith na bliana 2021 amháin atá an fóirdheontas ann agus ní mór na táillí a ardú in 2022 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Cuirfidh an tÚdarás moladh maidir le táillí faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí go luath i bhfómhar na bliana 2021 lena fhaomhadh.

Rialachas na heagraíochta

Tá an tÚdarás faoi réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus cloíonn sé leis. Tá comhaontú maoirseachta curtha ar bun againn leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chomh maith.

Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar Ráiteas Straitéise an Údaráis Pinsean 2016 – 2020 anois nuair atá IORP II trasuite i ndlí na hÉireann.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus leis na hoifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Is mór againn an dlúthchaidreamh oibre eadrainn agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile sna blianta amach romhainn.

Mar fhocal scoir, thar mo cheann féin agus thar ceann chomhaltaí eile an Údaráis, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil leis an Rialtóir Pinsean agus le baill foirne an Údaráis as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht a léirigh siad le linn 2020.



An Dr. David Begg
Cathaoirleach

AN tÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, agus beirt ghnáthchomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis:



An Dr. David Begg
Cathaoirleach



An tUasal Ciarán Lawler,
Rúnaí Cúnta,
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(Ionadaí an Aire Coimirce
Sóisialaí)



An tUasal Michael J. McGrath
Rúnaí Cúnta
An Roinn Airgeadais (Ionadaí an
Aire Airgeadais)

D'éirigh Jacqui McCrum, iarLeas-Rúnaí sa Roinn Coimirce Sóisialaí, as a post mar chomhalta den Údarás an 24 Lúnasa 2020. D'fhreastail Ciarán Lawler, Rúnaí Cúnta, an Roinn Coimirce Sóisialaí ar chruinnithe mar bhreathnóir de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ón 27 Deireadh Fómhair 2020 agus ceapadh é ina chomhalta den Údarás an 29 Márta 2021. Athcheapadh David Begg ina Chathaoirleach ar an Údarás an 13 Eanáir 2021.

Déantar an chinnteoireacht laethúil a tharmligean do bhaill foirne faoi mhaoirseacht ghníomhach an Údaráis. Is é seo a leanas foireann bainistíochta sinsearaí an Údaráis:



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean




Grace Guy
Ceann an Aonaid Maoirseachta
agus Forfheidhmithe



Ger Clarke
Leascheann an Aonaid
Maoirseachta
agus Forfheidhmithe



Pat O'Sullivan
Ceann an Aonaid Theicniúil



Andrew Nugent
Ceann an Aonaid Bheartais



Brendan Roche
Ceann an Aonaid Dlí



Dervla O'Keefe
Ceann an Aonaid TF agus Sonraí



Sylvia McNeece
Ceann an Aonaid Bainistíochta
Clár



David Malone
Ceann an Aonaid Oibriúcháin

ACHOIMRE AR AN nGNÍOMHAÍOCHT DO 2020

6 IONCHÚISEAMH
curtha i gcrích



35 IMSCRÚDÚ
NUA OSCAILTE

ar shárúithe líomhainte éagsúla ar Acht na bPinsean.

42 imscrúdú
TUGTHA CHUN CRÍCHE
agus dúnta le linn na bliana.



66 CRINNIÚ
CAIDRIMH

le comhlachtaí rialáilte (lena n-áirítear iontaobhaithe, soláthraithe PRSA, Riarthóirí agus Cuideachtaí Saoil Cláraithe).



2 CHIGIREACHT
AR AN LÁTHAIR

ar sholáthraithe PRSA.



5 INIÚCHADH DEISCE

tugtha chun críche in 2020, a bhain le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán nochta i ndáil le scéimeanna pinsean ceirde agus PRSAnna.



6 THOGRA MAOINITHE
Ó SCÉIMEANNA LE SS
CEADAITHE

491 AS **566**

Cion na scéimeanna le SS a bhí faoi réir an chaighdeáin maoinithe agus a bhí á chomhlíonadh amhail an 31 Nollaig 2020.

200
SCÉIM
(100 SS 100 RS)



lín na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu lena mheas an raibh siad réidh do reachtaíocht IORP II atá ar na bacáin



11,595

ceist ghinearálta faighte maidir le cúrsaí pinsin agus próiseála sonraí

250,000
TAISCEADH SONRAÍ

ó comhlachtaí rialáilte próiseáilte trí Chlár Sonraí Pinsin an Údaráis.

CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAIN AMACH

An fhís atá ag an Údarás don todhchaí ná córas pinsin ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagar coigilteas pinsin. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Údaráis na ceithre chuspóir straitéiseacha atá ag an eagraíocht chun a fíis a chur i gcrích, mar seo a leanas:

1. Déanfaidh an tÚdarás monatóireacht agus maoirseacht ar scéimeanna pinsin ceirde agus ar PRSanna lena chinntiú go leanfaidh iontaobhaithe, soláthraithe agus riarthóirí inniúla ar aghaidh á mbainistiú go maith.
2. Féadfaidh iontaobhaithe scéime, tionscal na bpinsean agus fostóirí brath ar an Údarás chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil faoina bhfuil an tÚdarás ag súil leis.
3. Tuigfidh an pobal, comhaltaí, rannpháirtithe agus tairbhíthe go maith gur foinsé inrochtana, ábhartha agus praiticiúil eolais é an tÚdarás.
4. Beidh an tÚdarás ina fhoinsé luachmhar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le comhairle, saineolas, faisnéis agus tacaíocht theicniúil faoi chúrsaí pinsin.

Tá roinnt straitéisí glactha ag an Údarás chun na cuspóirí sin a chur i gcrích, lena n-áirítear:

- cur chuige réamhghníomhach feiceálach chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh;
- cur chuige praiticiúil i leith an tsoláthair faisnéise agus treorach ina ndírítear ar an inrochtaineacht, doiciméid maidir le dea-chleachtas, agus cóid chleachtas;
- seirbhís fiosrúcháin ar ardchaighdeán ina dtugtar aghaidh ar ábhair inmí agus ar cheisteanna a ardaíonn páirtithe leasmhara maidir le nithe atá faoinár sainchúram reachtúil; agus
- treoirphlean cuimsitheach le haghaidh struchtúr pinsean, a bheidh bunaithe ar ár bhfís, agus a chuirfidh eolas ar fáil don phlé beartais a bheidh ar siúl ag an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil na gníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás in 2020 chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ordlathas na dtosaíochtaí ó thaobh riosca de

Lena áirithiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtach agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na gnóthaí is tábhachtaí agus is éifeachtaí, glacann an tÚdarás le cur chuige maoirseachta atá bunaithe ar ordlathas tosaíochtaí riosca:

- An 1ú tosaíocht: mídhílsiú sócmhainní nó ranníocaíochtaí pinsin
- An 2ú tosaíocht: easpa rialachais nó drochriarachán agus tionchar aige ar shochair nó mainneachtain sochair dhlite a íoc
- An 3ú tosaíocht: Sócmhainneacht scéimeanna le sochar sainithe
- An 4ú tosaíocht: mainneachtain faisnéis fhorordaithe a sholáthar do chomhaltaí

An 5ú tosaíocht: teip ag aonáin rialáilte sonraí cruinne agus tráthúla a chur faoi bhráid an Údaráis.

Léiríonn an t-ord seo tromchúis na rioscaí agus ní an dóchúlacht go dtarlóidh siad. Cé gur ar bhunús na dtosaíochtaí sin a leagtar amach gníomhaíocht rialála ginearálta an Údaráis, cinnteoidh an eagraíocht freisin nach ndéanfar neamhaird d'aon réimse. Toisc go mbraitheann rialú ar chumas an Údaráis eolas iontaofa a fháil, bíonn an eagraíocht ag díriú go háirithe ar theipeanna faisnéis a sholáthar don Údarás atá riachtanach faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le sceithireacht.

Tuairisciú éigeantach agus deonach/sceithireacht

Tá forálacha reachtúla, ar a dtugtar oibleagáidí sceithireachta, i bhfeidhm lena gcuirtear oibleagáidí dhlíthiúil ar dhaoine sonraíthe atá páirteach i bhfeidhmiú scéimeanna pinsin cheirde, RACanna agus PRSanna iontaobhais. Ní mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt don Údarás má mheasann siad go ndearnadh calaois nó mí-leithghabháil ábhartha nó má mheasann siad go bhfuil baol ann go dtarlóidh a leithéid. Féadfaidh duine ar bith tuairisc dheonach a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le staid agus feidhmiú scéime, RAC iontaobhais nó PRSA.

Déanann an tÚdarás iniúchadh ar thuairiscí ó sceithirí agus ar ghearáin nó líomhaintí tromchúiseacha eile le fáil amach céard a tharla. I gcás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh, is é príomhaidhm an Údaráis comhlíonadh a chinntiú. Mar sin féin, bainfidh an tÚdarás leas as raon iomlán a chumhachtaí faoi Acht na bPinsean nuair is gá.

Ionchúisimh

Féadfar an dlí a chur ar aonáin rialáilte mar gheall ar neamhchomhlíonadh. Thug an tÚdarás sé chás ionchúisimh chun críche in 2020 agus baineadh ciontú amach i gceithre chás mar seo a leanas:

- bhain dhá chás le mainneachtain freagairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis ón Údarás (Alt 18 d'Acht na bPinsean);
- cás amháin a bhain le hasbhaint ranníocaíochtaí pinsin fostaithe nár íocadh isteach i scéim laistigh den fhráma ama reachtúil (alt 58A(1) d'Acht na bPinsean);
- cás amháin a bhain le ranníocaíochtaí éigeantacha pinsin fostaithe nár íocadh isteach i scéim laistigh den fhráma ama reachtúil (alt 58A(2) d'Acht na bPinsean).

Nuair a dhéantar ciontú a thaifeadh, fuarthas an duine nó an chuideachta ciontach i gcion coiriúil.

Nochtuithe cosanta

Ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás in 2020 a measadh a bheith ina nochtadh cosanta de réir mar a leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta.

Imscrúduithe

In 2020, chuir an tÚdarás tús le 35 imscrúdú nua ar sháruithe

líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáraithe líomhnaithe seo, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis. Cuireadh 42 fiosrúchán i gcrích le linn na bliana agus dúnadh iad.

Níl ann go fóill ach líon beag teagmhas ba ghá imscrúdú a dhéanamh orthu maidir le hasbhaint ranníocaíochtaí agus ranníocaíochtaí nár íocadh.

Maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach

Le linn 2020, lean an tÚdarás ag aistriú chuig maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach.

Clár rannpháirtíochta

Le linn 2020, chuir an tÚdarás tús le clár nua rannpháirtíochta maoirseachta le roinnt oll-iontaobhais sheanbhunaithe, roinnt oll-iontaobhas atá á bhforbairt agus roinnt scéimeanna móra le sochar sainithe. Tá an rannpháirtíocht sin ar bun mar chuid d'aistriú an Údarás chuig cur chuige riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach i leith na maoirseachta.

D'fhoilsigh an tÚdarás a thorthaí i dtuarascálacha ar an rannpháirtíocht le holl-iontaobhais agus an rannpháirtíocht le scéimeanna le sochar sainithe i Ráithe 4 2020. Níor cheart glacadh leis gur liosta cuimsitheach é liosta na n-ábhar a ardaíodh sna tuarascálacha ar thorthaí. Is amhlaidh gur forléargas iad ar na príomhcheisteanna a sainaithníodh le linn an chláir rannpháirtíochta. Tá an tÚdarás ag súil go ndéanfaidh gach bord iontaobhaithe, agus a gcuid comhairleoirí, na torthaí sin a mheas go hiomlán agus a gcleachtais féin a mheas féachaint an gá iad a fheabhsú.

Clár rannpháirtíochta le scéimeanna le sochar sainithe

Ba í aidhm na rannpháirtíochta cleachtais rialachais na mbord iontaobhaithe a scrúdú, go háirithe maidir le bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí scéime. Ina theannta sin, bhí fonn ar an Údarás scrúdú a dhéanamh ar cé chomh maith a bheadh ar chumas na scéimeanna na ceanglais níos déine rialachais agus bainistíochta riosca a chomhlíonadh faoi Threoir IORP II. Leagtar amach príomhthorthaí an phróisis rannpháirtíochta sa tuarascáil torthaí.

Mar a bheifí ag súil leis i gcás na scéimeanna móra a rabhtas i mbun rannpháirtíochta leo, bhí go leor de na boird iontaobhaithe in ann a léiriú go bhfuil socrúithe láidre rialachais, bainistíochta agus maoirseachta i bhfeidhm acu, agus go bhfuil struchtúir acmhainní agus oibríochta acu atá dírithe ar dhea-thorthaí a bhaint amach do na baill. I roinnt cásanna, áfach, bhí imní ar an Údarás maidir le neamh-iomláine na rioscaí a aithníodh, nach raibh rialuithe á n-aithint i gceart, nach raibh rialuithe á gcur chun feidhme, agus easpa feasachta i gcoitinne i dtaobh rioscaí.

Amach anseo, iarrfar ar bhoird iontaobhaithe raon i bhfad níos leithne sonraí airgeadais agus achtúireacha a ullmhú agus a

scrúdú ná mar a iarrtar orthu a dhéanamh faoi láthair. Ba chóir dóibh díriú ar na rudaí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, agus ní díreach ar an méid a tharla go dtí seo. Chun an toradh sin a bhaint amach, beidh ar go leor boird iontaobhaithe feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar chainníochtú riosca, bainistíocht riosca, idirspeáchas riosca agus uirlisí chun cásanna a phleanáil.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag plé go gníomhach le hiontaobhaithe scéimeanna le sochar sainithe. Chomh maith leis na saincheisteanna dá dtagraítear sa tuarascáil ar thorthaí, tugtar breac-chuntas freisin inti ar shampla den fhaisnéis fhéideartha ar dócha a bheadh á lorg ag an Údarás agus é ag tabhairt faoi bhabhtaí rannpháirtíochta den sórt sin amach anseo.

Clár rannpháirtíochta le holl-iontaobhais

Le linn 2020, thug an tÚdarás faoi chláir rannpháirtíochta le roinnt oll-iontaobhas le ranníocaíocht sainithe agus le roinnt gnóilachtaí atá ag smaoineamh ar oll-iontaobhais a bhunú. Bhí sé ina aidhm leis an rannpháirtíocht sin measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil oll-iontaobhais ag comhlíonadh a n-oibleagáid rialachais agus riosca, chomh maith lena n-ullmhacht do Threoir IORP II agus na ceanglais atá beartaithe i leith oll-iontaobhas, mar a d'fhoilsigh an tÚdarás i mí an Mheithimh 2019.

D'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil mhionsonraithe ar thorthaí chun na príomhthorthaí a sainaithníodh le linn an chláir rannpháirtíochta a leagan amach.

Ar an iomlán, ba chúis díomá iad torthaí an Údarás. Chinn an tÚdarás go bhfuil fadhbanna i gceist le gach oll-iontaobhas, agus gur fadhbanna móra iad cuid acu sin. Baineann suntas ar leith leis an gclár rannpháirtíochta sin mar gheall ar an ról tábhachtach is dóigh a bheidh ag oll-iontaobhais i soláthar pinsean na hÉireann amach anseo.

Leanfaidh an tÚdarás dá rannpháirtíocht le holl-iontaobhais atá ann faoi láthair agus cinn nua a bhunófar agus beidh rannpháirtíocht ar bun in 2021 maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh go dtí seo. Tar éis thrasú IORP II, foilseoidh an tÚdarás treoir don phobal, agus go háirithe d'fhostóirí, faoi na híoschaighdeáin ba cheart dóibh a lorg ó oll-iontaobhais sula nglacfaidh siad páirt iontu. I gcás a lán de na holl-iontaobhais a scrúdaigh an tÚdarás, ní chomhlíonfaidís na caighdeáin sin gan aghaidh a thabhairt ar na torthaí.

Suirbhéanna ar scéimeanna

Rinne an tÚdarás suirbhé ar iontaobhaithe 200 scéim (100 scéim le sochar sainithe agus 100 scéim le ranníocaíocht shainithe) chun a leibhéal ullmhachta don reachtaíocht IORP II atá le teacht a mheas. Roghnaíodh go randamach scéimeanna de mhéideanna éagsúla, ar bhain próifílí iontaobhaithe éagsúla leo. Cuireadh an suirbhé i gcrích go deonach agus tugadh 35 freagra i leith scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus 67 freagra i leith scéimeanna le sochar sainithe.

Léirigh torthaí foriomlána an tsuirbhé go bhfuil leibhéal ard

feasachta ar IORP II i measc iontaobhaithe, ach go raibh drogall orthu aon obair shubstainteach a dhéanamh chun na ceanglais a chomhlíonadh go dtí go mbeadh an reachtaíocht trasuite. Tá an tuairim fhorleathan ann ina measc siúd a d'fhreagair an suirbhé go mbeidh costais mhéadaithe agus gá le níos mó acmhainní ina dtoradh ar an reachtaíocht nua. Cuireadh chun suntais i dtorthaí an tsuirbhé freisin go bhfuil iontaobhaithe ag fanacht le tuilleadh treorach ón Údarás. Foilsíodh torthaí an tsuirbhé ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Clár rannpháirtíochta Covid-19

I mí na Bealtaine 2020, bhuail an tÚdarás ar líne le 11 aonán a bhfuil freagracht orthu as an gcuid is mó de na scéimeanna pinsin ceirde agus na scéimeanna PRSA in Éirinn lena phlé cén tionchar a bhí ag an bpaindéim Covid-19 ar a gcumas seirbhísi a sholáthar, agus chun a fháil amach an raibh aon fhadhbanna ann maidir le déileáil le tionchar na paindéime ar an méid seo a leanas:

- idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara na scéimeanna (i.e. iontaobhaithe, fostóirí, bainisteoirí infheistíochta, iniúcháirí etc.);
- ranníocaíochtaí pinsin a fháil agus a infheistiú;
- ceisteanna agus gearáin ó bhaill; agus
- treochtaí suntasacha i measc baill scéime (e.g. aistriú ó chiste go ciste, iarratais ar aistriú etc.).

Ar an iomlán, léirigh na aonáin gur maith mar a d'éirigh leo siúd a raibh baint acu le pinsin agus iad ag déileáil le dúshláin na paindéime.

Maoiniú scéimeanna le sochar sainithe

Ag deireadh 2020, bhí 566 scéim le sochar sainithe ann a bhí faoi réir an chaighdeáin maoinithe. Astu seo, shásaigh 491 scéim an chaighdeán maoinithe. Maidir leis na 75 scéim eile, tá tograí maoinithe curtha ar bun acu go léir seachas 12 acu, nó tá siad i mbun tograí maoinithe a chur isteach, a bhfuil sé i gceist leo go mbeidh an scéim in ann an chaighdeán maoinithe a chomhlíonadh laistigh de théarma sonraithe. Tá an tÚdarás i mbun idirphlé leis na scéimeanna sin. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle ar bhonn díreach le haon scéim nach gcuirfidh togra maoinithe isteach.

In 2020, d'fhaomh an tÚdarás sé mholadh maoinithe ó scéimeanna le sochar sainithe.

Iníuchtaí comhlíonta

Tugadh cúig iníuchadh deisce chun críche in 2020. Sna hiniúchtaí sin, rinneadh measúnú ar chomhlíonadh na rialachán maidir le nochtadh i leith scéimeanna pinsin ceirde agus PRSAnna.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás i gcrích an tríú céim dá iníuchadh ar níos mó ná 100 údarás ábhartha san earnáil phoiblí i leith na n-oibleagáidí atá orthu faoin Scéim Pinsean Seirbhíse

Poiblí Aonair agus, go sonrach, an ceanglas ráitis sochair ball a eisiúint do bhaill na scéime. Tá ráitis sochair ball eisithe ag formhór na n-údarás ábhartha anois nó tá an-dul chun cinn déanta acu ina leith sin.

I gcás ina n-aithnítear neamhchomhlíonadh i dtaca le hAcht na bPinsean le linn iniúchta, is é an phríomhaidhm atá ann a chinntiú go mbeidh an t-aonán rialáilte comhlíontach ina dhiaidh sin. Féadfaidh an tÚdarás breithniú a dhéanamh ar ghníomh forfheidhmiúcháin freisin.

Cigireachtaí ar an láthair ar Riarthóirí Cláraithe (RCanna) agus soláthraithe PRSA

Mar chuid den mheasúnú ar chomhlíonadh Acht na bPinsean, déanann an tÚdarás cigireachtaí ar an láthair ar Riarthóirí Cláraithe, ar iontaobhaithe gairmiúla agus ar sholáthraithe PRSA.

Sa chéad ráithe de 2020, rinne an tÚdarás dhá chigireacht ar an láthair ar sholáthraithe PRSA. Ba é cuspóir na gcigireachtaí sin caighdeáin riaracháin pinsin, bainistíocht sonraí agus leibhéal chomhlíonta Acht na bPinsean a mheas.

Aithníodh roinnt torthaí agus breathnuithe le linn na gcigireachtaí. Iarradh ar sholáthraithe PRSA aghaidh a thabhairt ar na hábhair a ardaíodh agus, nuair ab iomchuí, a shonrú cé na bearta atá i gceist acu a dhéanamh chun dul i ngleic le hábhair imní an Údaráis. Ní raibh gá le gníomh forfheidhmiúcháin.

Aighneachtaí PRSA

In 2020, d'fhaomh an tÚdarás, i gcomhairle leis na Coimisinéirí loncainm, táirge PRSA amháin i leith soláthraí PRSA a bhí ann cheana. Próiseáladh sé leasú ar tháirgí a bhí ann cheana i gcaitheamh na bliana. Bhain na leasuithe sin le hathruithe ar struchtúr gearrtha táillí nó cistí a chur le táirge PRSA nó iad a bhaint uaidh.

Deimhnithe achtúireachta PRSA agus tuairiscí bliantúla PRSA

Ní raibh aon samplaí suntasacha de neamhchomhlíonadh sainaitheanta ag achtúirí PRSA in 2020. Scrúdaigh an tÚdarás gach mionsampla de neamhchomhlíonadh a thuairiscigh achtúirí PRSA agus pléadh iad leis an soláthraí bainteach PRSA, nuair ba ghá.

Próiseas bliantúil athnuachana RC

Fuair an tÚdarás 113 iarratas ar athnuachan RC in 2020. Le linn na bliana, rinne 13 RC iarratas ar a gclárú RC a fhoirceannadh agus tugadh an cead sin dóibh.

Scéimeanna pinsin trasteorann na hÉireann/na Ríochta Aontaithe

Le linn 2020, lean an tÚdarás ar aghaidh i mbun gcomhairle leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le Rialtóir Pinsean na Ríochta Aontaithe agus leis an Department of Work and Pensions sa Ríocht Aontaithe chun impleachtaí an Bhreitheamh do

scéimeanna trasteorann de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a mheas.

Cinntí

Faoi Acht na bPinsean, tá an chumhacht ag an Údarás in imthosca áirithe cinntí atá ina gceangal de réir an dlí a dhéanamh ar iarratas ó pháirtithe áirithe. Leis na cinntí ceangailteacha sin, déantar iontaobhaithe scéimeanna a éascú maidir le sochair na mball iarchurtha a aistriú chuig socruithe eile nó chun ligean don Údarás, in imthosca áirithe, iontaobhaí a cheapadh in ionad an iontaobhaí atá ann. D'eisigh an tÚdarás cinneadh reachtúil amháin faoi alt 64 in 2020.

Tacaíocht theicniúil

In 2020, thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don Aire Coimirce Sóisialaí agus dá Roinn agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile an rialtais maidir le cúrsaí pinsin.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair ar thograí mionsonraithe cur chun feidhme a fhorbairt in 2020 chun Treoir IORP II a thrasú mar aon le gnéithe ábhartha den Treochlár um Athchóiriú Pinsean. Áiríodh ar na nithe sin:

- córas maoirseachta riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach a fhorbairt;
- córas oiriúnach cuí d'iontaobhaithe agus dóibh siúd atá ag gabháil do phríomhfheidhmeanna;
- caighdeán rialachais nua lena sonraítear struchtúir rialachais agus bainistíochta iomchuí;
- cuíchóiriú a dhéanamh ar líon na sásraí éagsúla coigiltis pinsin atá ann faoi láthair;
- creat maoirseachta a fhorbairt le haghaidh oll-iontaobhas; agus
- próiseas údaraithe le haghaidh scéimeanna nua agus cinn atá ann cheana.

Rannchuidíonn an tÚdarás leis an obair a bhaineann le pinsin in eagraíochtaí idirnáisiúnta trí fhreastal ar chruinnithe meithle nó trí shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a chur ar fáil.

Áirítear leis na heagrais seo:

- An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA),
- Eagraíocht Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Pinsean (IOPS),
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) - Meitheal Oibre um Phinsin Phríobháideacha.

Thug an tÚdarás freagra ar 92 ceist ó thíortha eile in 2020. Ina measc siúd, chomhlánaigh an tÚdarás 26 suirbhé/ceistneoir ó thíortha eile lena áiríodh tuairisciú sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla dhá uair sa bhliain do ECFE agus an bailiú sonraí a dhéantar dhá uair sa bhliain don Athbhreithniú Cobhsaíochta Airgeadais de chuid EIOPA. I suirbhéanna eile, clúdaiodh

ábhair mar nuashonruithe a thuairisciú maidir le rialacháin infheistíochta náisiúnta nó bearta cánach, táillí agus muirir i leith pinsean, treochtaí i measc tomhaltóirí, clár pleananna agus táirgí pinsin agus clár scéimeanna.

Thug an tÚdarás freagra freisin ar 26 iarratas ar bharúlacha ar dhoiciméid amhail ráiteas maoirseachta EIOPA ar IORPanna trasteorann agus páipéar oibre IOPS ar shócmhainneacht cistí le sochar sainithe.

I measc na 40 ceist eile a fuarthas ó thíortha eile, bhí freagraí le soláthar ar raon ábhar a bhaineann le pinsin amhail sonraí pinsean EIOPA, tástáil struis IORP agus scéimeanna trasteorann.

Forbairt polasaí agus taighde

Mar chomhalta den Ghrúpa Athchóirithe agus Cánachais Idir-rannach, chuir an tÚdarás le breithnithe agus le tograí chun pinsin a shimpliú. D'fhoilsigh an tAire Airgeadais tuarascáil ón ngrúpa an 13 Samhain 2020.

Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais maidir leis an Rialachán Pan-Eorpach Táirge Pinsin Phearsanta, a chuirfear i bhfeidhm sula i bhfad, lena n-áirítear plé faoin Údarás Inniúil Náisiúnta a cheapadh.

Rinne an tÚdarás anailís agus léirmhíniú ar thuarascáil a choimisiúnaigh an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe inar moladh sócmhainní ciste pinsin neamhéilite a thabhairt faoi raon feidhme an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine.

Lean an tÚdarás ar aghaidh i mbun gcomhairle le hachtúirí, le lucht an tionscail, le lucht acadúil agus le rialtóirí eile chun teacht ar thuiscint ar impleachtaí airgeadais inbhuanaithe agus tosa comhshaoil, sóisialta agus rialachais d'earnáil na bpinsean. Rinne sé measúnú ar na ceanglais atá ar iontaobhaithe scéime pinsin sa réimse sin, ag eascairt as reachtaíocht atá le teacht ón Aontas Eorpach.

Soláthraíonn an tÚdarás nuashonrú míosúil ar fhorbairtí rialála agus beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le pinsin do na baill foirne ábhartha sa Roinn Coimirce Sóisialaí, sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí, agus sna Coimisinéirí Ioncaim.

Chuir an tÚdarás cúnaimh teicniúil ar fáil freisin don Roinn Coimirce Sóisialaí ar shaincheisteanna éagsúla le linn na bliana, lena n-áirítear uathchlárú agus treoracha AE.

Tacaíocht, faisnéis agus treoir

Tacaíonn an tÚdarás le hiontaobhaithe, riarthóirí, fostaithe agus comhairleoirí le faisnéis agus le treoir chun cabhrú leo a n-oibleagáidí faoi Acht na bPinsean a thuiscint agus a chomhlíonadh. I gcaitheamh na bliana, d'eisigh an tÚdarás faisnéis agus cumarsáid a bhaineann lena aonáin rialáilte ar a shuíomh gréasáin.

Fuarthas 11,500 ceist ghinearálta maidir le cúrsaí pinsin agus próiseáil sonraí i gcaitheamh na bliana, agus pléadh leo. Is ó bhaill scéime a tháinig tromlach na gceisteanna ginearálta agus bhain siad leis na Rialacháin maidir le Nochtadh Faisnéise. Thug an tÚdarás freagra ar gach fiosrú de réir Chairt Custaiméirí an Údaráis.

Soláthraíonn an tÚdarás raon cuimsitheach faisnéise agus treorach saor in aisce ar a shuíomh gréasáin. I gcaitheamh na bliana, d'fhreastail an tÚdarás ar imeachtaí poiblí (ar bhonn fóirúil) agus rinne sé cur i láthair iontu, agus dhéileáil sé le fiosrúcháin dhíreacha ó na meáin ar shaincheisteanna pinsin.

Fiosrúcháin ó Chomhaltaí an Oireachtais

Soláthraíonn an tÚdarás seoladh ríomhphoist tiomnaithe le haghaidh fiosruithe ó chomhaltaí an Oireachtais atá ag iarraidh faisnéis maidir le cúrsaí pinsin nó maidir le hobair an Údaráis. Phléigh an tÚdarás le cheithre fhiosrúchán ó chomhaltaí Oireachtais in 2020.

Ina theannta sin, sholáthair an tÚdarás faisnéis don Roinn Coimirce Sóisialaí mar fhreagairt ar naoi gCeist Pharlaiminte le linn 2020.

Saoráil faisnéise

D'fhreastail an tÚdarás ar naoi n-iarratas saorála faisnéise in 2020, laistigh de na spriocdhátaí reachtúla i ngach cás.

Cosaint sonraí

Le linn 2020, reáchtáil an tÚdarás tionscnaimh rialta chun feachtas a mhúscailt agus chuir sé faisnéis agus oiliúint ar fáil maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead ar fud na heagraíochta.

Bhí tuairisc amháin ar shárú sonraí le déanamh ag an Údarás leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí an 5 Márta 2020. An 27 Aibreán 2020, d'fhreagair an Coimisiún agus dúirt go raibh an scrúdú ar an gcás sin curtha i gcrích ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil agus na mbearta a rinneadh.

Fuair an tÚdarás iarratas amháin ar shonraí pearsanta ón duine ab ábhar dóibh le linn 2020.

An oifig bainistíochta clár

An cur chuige bainistíochta tionscadal a úsáideann an tÚdarás, tá sé bunaithe ar mhodheolaíocht bainistíochta tionscadal na seirbhíse poiblí, agus é curtha in oiriúint do mhéid agus riachtanais na heagraíochta. Shainigh an oifig sin ról agus freagrachtaí tionscadail, d'éisigh sí teimpléid le húsáid ag gach céim de shaolré an tionscadail agus thug sí isteach tuairiscí míosúil ar dhul chun cinn tionscadail ar bhonn comhsheasmhach ar fud phunann tionscadal na heagraíochta. Bhunaigh an tÚdarás Coiste Rialachais Tionscadal chun grinnscrúdú níos déine a dhéanamh ar thionscadail agus iad ag dul trína saolré.

Ina theannta sin, thosaigh an oifig bainistíochta clár ag cur leis an gcumas i dtaobh bainistíocht ar athrú ar fud an Údaráis chun

a chur ar a gcumas d'fhostaithe aistriú chuig bealaí nua oibre tar éis thrasú IORP II agus i gcomhthéacs cur chuige riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach a bheith á chur i bhfeidhm i leith na maoirseachta.

Acmhainní daonna

Tá an tÚdarás tiomanta d'áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus bíonn sé ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.

Le linn 2020, chuathas i mbun 27 feachtas earcaíochta agus ceapadh 22 fostaí nua san Údarás dá thoradh sin.

Comhionannas san earnáil poiblí, éagsúlacht, agus dualgas um chearta an duine

Tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go gcomhlíonfaidh sé an dualgas atá air an comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint mar a cheanglaítear faoi Dhualgas Comhionannais agus Chearta Daonna na hEarnála Poiblí (faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014).

Is fostóir comhionannas deiseanna é an tÚdarás. Tagann na fostaithe ó chúilraí gairmiúla éagsúla san earnáil phríobháideach agus san earnáil poiblí agus ina measc tá riarthóirí pinsin, achtúirí, dlíodóirí, cuntasóirí, anailísithe sonraí, comhairleoirí airgeadais cáilithe, soláthraithe seirbhíse do chustaiméirí, agus innealtóirí bogearraí agus cruá-earraí TFC.

Trí fhoghlaím agus forbairt leanúnach, tugann an tÚdarás an deis d'fhostaithe forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an eolas a theastaíonn uathu ina gcuid ról chun freastal ar leas an phobail ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil.

Tá an tÚdarás tiomanta infheistíocht a dhéanamh i saineolas ár bhfostaithe ionas gur féidir leo a ngairmeacha beatha a chur chun cinn san eagraíocht féin agus níos faide i gcéin.

Tá beartais i Lámhleabhar d'Fhostaithe an Údaráis maidir le dínit agus meas sa láthair oibre, bulaiocht agus ciapadh.

Iocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an tÚdarás beartas iocaíochta praise 15 lá i gcomhréir le Cinneadh S29296 a ghlac an Rialtas i Márta 2011. Foilsíonn an tÚdarás a thuarascálacha ráithiúla maidir le hiocaíochtaí prasa ar a shuíomh gréasáin.

Úsáid fuinnimh agus tionscnaimh ghlasa

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2020 agus 178,452 cileavatuair leictreachais. Stop an tÚdarás ag úsáid plaisteach aonúsáide cosúil le cupáin agus sceanra agus chuir sé breis gníomhaíochtaí feachtas ar bun chun na rátaí athchúrsála a fheabhsú. Tá an tÚdarás ag cloí leis na treoirlínte ón Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le soláthar poiblí glas agus tá sé ag obair fós ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach áit ar bith ar gá i ngach cuid den eagraíocht.

COISTE AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ina chuid den timpeallacht rialála laistigh den Údarás Pinsean. Tá sé de chúram ar an gCoiste maoirseacht agus comhairle neamhspleách a sholáthar don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta, mar aon le hiontaofacht i ndáil le tuairisciú airgeadais.

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais laethúil na heagraíochta, atá faoi dhualgas an Fheidhmeannais. Go háirithe, déanann an Coiste monatóireacht neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta.

Tá téarmaí tagartha an Choiste sin leagtha amach ina Chairt. Rinne an Coiste a athbhreithniú bliantúil ar an gCairt le linn 2020 agus d'fhaomh an tÚdarás é an 8 Nollaig 2020.

Ballraíocht an Choiste

Ceathrar comhaltaí atá ar an gCoiste, lena n-áirítear cathaoirleach neamhspleách, comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin, ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ón Roinn Airgeadais. Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste le haghaidh 2020.

Cruinnithe an ARC 2020 Líon na gcruinnithe a tionóladh: 5		
Ainm	Post	Freastal
Bill Cunningham	Cathaoirleach	5/5
Kevin Barron*	Ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí	4/5
Brendan O'Leary	Ionadaí na Roinne Airgeadais	4/5
Michael Roche	Gnáthchomhalta	5/5

*Cheap an tÚdarás Kevin Barron don dara téarma trí bliana an 8 Nollaig 2020.

Obair an Choiste in 2020

Rinne an Coiste, agus riachtanais a fheidhm chomhairleach á gcomhlíonadh aige, measúnú ar fheidhmiú príomhghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás in 2020. Ba ar bhonn cianda a reáchtáil an Coiste a chruinnithe le linn 2020 i gcomhréir le srianta agus treoirlínte Covid-19 an Rialtais.

Iniúchadh inmheánach

Leis an iniúchadh inmheánach, déantar meastóireacht oibiachtúil ar leordhóthanacht agus éifeachtacht fhoriomlán chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha an Údaráis agus dtugtar tuairim ina dtaobh sin.

D'fhaomh an Coiste clár oibre iniúcháireachta inmheánaí na bliana 2020 ar a raibh an méid seo a leanas:

- athbhreithniú ardleibhéil ar rialuithe inmheánacha san Údarás, agus
- athbhreithniú ar an gcultúr eagraíochtúil san Údarás.

Bhuail an Coiste leis na hiniúcháirí inmheánacha chun torthaí an iniúchta a phlé agus rinne sé monatóireacht ar mar a chur an

Feidhmeannas i bhfeidhm moltaí iniúchta le linn 2020. Rinneadh na hiniúchtaí ar bhonn cianda in 2020.

Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir seachtrach an Údaráis. Bhreithnigh an Coiste torthaí iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtair agus bhuail sé le foireann an Ard-Reachtair chun torthaí an iniúchta a phlé. Rinne an Coiste monatóireacht ar an gcaoí ar chuir an Feidhmeannas moltaí an iniúchta chun feidhme le linn 2020. Ba ar bhonn cianda a rinneadh an t-iniúchadh in 2020.

Maoirseacht airgeadais

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais agus oibríochtaí laethúil na heagraíochta, atá faoi chúram an Fheidhmeannais. Le linn 2020, rinne an Coiste athbhreithniú ar chaiteachas i gcoinne an bhuiséid gach ráithe, agus rinne sé scrúdú ar na cúiseanna a bhí le haon difríocht ábhartha idir é agus an caiteachas a pleanáladh. Má bhí difríocht ábhartha i gceist, rinne sé í a phlé leis an bhFeidhmeannas. Rinne an Coiste athbhreithniú ar infheistíochtaí an Údaráis gach ráithe. Ina theannta sin, rinne an Coiste monatóireacht ar shreafaí airgid amach anseo an Údaráis i bhfianaise suimeanna mórchaiteachais chaipitiúla atá pleanáilte agus fuair sé tuairiscí ar dhul chun cinn na dtionscadal ábhartha.

Bainistíocht riosca

Déanann an Feidhmeannas clár rioscaí a thiomsú agus a bhainistiú agus sainiúinn sé na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus na bearta atá á ndéanamh ag an bhFeidhmeannas, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinne an Coiste athbhreithniú ar bheartais agus cleachtais bainistíochta riosca an Údaráis agus thug sé aiseolas don Údarás ar a athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí. Tá an Coiste deimhin go raibh an próiseas chun príomhrioscaí a aithint, iad a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu láidir go leor lena chinntiú go raibh córas éifeachtach bainistíochta riosca i bhfeidhm san Údarás in 2020.

Rialachas corparáideach

Chuir an Coiste tuairisc faoi bhráid an Údaráis tar éis gach ceann dá chruinnithe in 2020. Chomhlíon an Coiste a oibleagáidí faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2020. Agus ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh aige, rinne an Coiste measúnú ar a fheidhmíocht féin in 2020. Bhí toradh an fhéinmheasúnaithe dearfach. Chuir Cathaoirleach an Údaráis in iúl, ag cruinniú an Údaráis an 20 Aibreán 2021, go raibh sé sásta le feidhmíocht an Choiste agus Chathaoirleach an Choiste.

Táta

Tá an Coiste sásta go bhfuil córas daingean rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta airgeadais curtha ar bun san Údarás. Tá sé sásta chomh maith go bhfuil córas iomchuí i bhfeidhm le haghaidh bainistíochta riosca éifeachtach san Údarás.

Foilsítear tuarascáil bhliantúil iomlán an Choiste ar shuíomh gréasáin an Údaráis.



An tUasal Bill Cunningham Cathaoirleach

Aibreán 2021

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE, LE CUR OS COMHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990. Tá sna ráitis airgeadais:

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáochta.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Pinsean amháil an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2020 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé an t-iniúchadh de mo chuid ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Pinsean agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Pinsean faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



Mary Henry
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2021

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990,
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102,
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú,
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 22 d'Acht na bPinsean 1990 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfead míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann tar éis iniúchadh a dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Féadtar míshonruithe tarlú ó chalaos nó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, dá mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh agus de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád i rith an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- Sainiúim agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaos nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraítear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Bainim de thátaí as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach

bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas an Údaráis Pinsean leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátaí as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátaí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis Pinsean de leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainiúim le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chléidítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirim aon fhoirm de thátaí dearbhaithe ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátaí as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím de réir eiseachta más rud é, i mo thuairim:

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

RÁITEAS UM RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean a cuireadh ar bun de bhun Acht na bPinsean, 1990. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 10 den Acht sin. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Coimirce Sóisialaí. Tá an tÚdarás freagrach as dea-rialachas a chinntiú laistigh den eagraíocht agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chomhaontú leis an bhFeidhmeannas agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist ghnó phríomhúil. Ní mór don Rialtóir Pinsean agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leanúint arna chomhaontú leis an Údarás, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach go comhchoiteann as gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh. Déanann sé freagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil an Údaráis a tharmligeann don Rialtóir Pinsean agus don Fheidhmeannas. Ní scaoileann a leithéid de tharmligeann an tÚdarás ón dualgas chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmilgthe. Tá an tÚdarás freagrach as príomhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear: an treo straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta móra a athbhreithniú agus a threorú, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht ar mhór-chaitheas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.

I measc na mbuan-mhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás ag na cruinnithe dá chuid tá:

- coinbhleachtaí leasa,
- riosca,
- an tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (agus tuairiscíú airgeadais san áireamh),
- Tuarascáil an Rialtóra Pinsean, agus
- cinntí forfheidhmithe agus rialála.

Faoi alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás na nithe a leanas a dhéanamh faoin gCód Cleachtais um

Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016):

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Údarás taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnta, agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean bliantúil ag cruinniú den Údarás an 19 Eanáir 2021. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil an 19 Eanáir 2021.

Tá an tÚdarás freagrach as moladh bliantúil a thabhairt don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le táillí PRSA agus táillí scéimeanna pinsean ceirde.

Bíonn an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaíochas agus ar mhíriltachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de chathaoirleach agus beirt gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Coimirce Sóisialaí gach duine acu. Maireann ceapacháin don Údarás ar feadh tréimhse suas le cúig bliana. Tá comhaltaí incháilithe le haghaidh athcheapacháin. Tagann comhaltaí an Údaráis le chéile beagnach gach sé seachtaine de réir sceideal cruinnithe arna chomhaontú ag tús gach bliana.

Sonraítear sa tábla thíos dáta ceapacháin chomhaltaí an Údaráis in 2020:

Comhalta an Údaráis	Ról	Dáta Ceapacháin
David Begg	Cathaoirleach	An 12 Eanáir 2016
Gary Tobin*	Ionadaí na Roinne Airgeadais	7 Márta 2019
Jacqui McCrum*	Ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí	7 Márta 2019
Michael McGrath	Ionadaí na Roinne Airgeadais	17 Feabhra 2020

*D'éirigh Gary Tobin as oifig an 16 Feabhra 2020, agus d'éirigh Jacqui McCrum, iarLeas-Rúnaí sa Roinn Coimirce Sóisialaí, as a post mar chomhalta den Údarás an 24 Lúnasa 2020. D'fhreastail Ciarán Lawler, Rúnaí Cúnta, an Roinn Coimirce Sóisialaí ar chruinnithe mar bhreathnóir de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ón 27 Deireadh Fómhair 2020 agus ceapadh é ina chomhalta den Údarás an 29 Márta 2021.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Údaráis le haghaidh 2020 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an Údaráis 2020				
Líon na gcruinnithe a tionóladh: 8				
Ainm	Post	Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
David Begg	Cathaoirleach	8/8	20,520	0
Michael McGrath	Ionadaí an Aire Airgeadais	7/7	0	0
Jacqui McCrum	Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí	5/5	0	0
Gary Tobin*	Ionadaí an Aire Airgeadais	0/1	0	0

*D'éirigh Gary Tobin as a ról an 16 Feabhra 2020.

Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Ceaptar triúr comhaltaí Bhoird an Údaráis Pinsean (“an tÚdarás”) mar a leanas:

- Cathaoirleach – arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí
- Gnáthchomhaltaí – ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ón Roinn Airgeadais, arna n-ainmniú ag na hAíreí faoi seach.

Amhail an 31 Nollaig 2020, ba mhná iad 0% de chomhaltaí an Údaráis agus b'fhir iad 100% acu, agus bhí post amháin folamh. Mar sin ní chomhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Is ar an Aire Coimirce Sóisialaí atá cúram na gceapachán chuig an Údarás. Maidir le haon cheapachán chuig an Údarás amach anseo, díreoidh an Cathaoirleach aird an Aire ar an gcothromaíocht inscne atá ann faoi láthair ar an Údarás.

Ó bunaíodh an tÚdarás Pinsean (ar a dtugtaí an Bord Pinsean an tráth sin) in 1990, bhí 28 bean ina ngnáthchomhaltaí den bhord. In 2013, athraíodh comhdhéanamh an bhoird ó 17 gcomhalta go triúr leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ighnéitheacha) 2013. Ina theannta sin, bhí triúr ban ina gCathaoirligh ar an Údarás ó 1990.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) lena gcuimsítear triúr mar chomhaltaí agus cathaoirleach neamhspleách.

Is é ról an ARC comhairle neamhspleách a thabhairt don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht mar aon le hiontaofacht maidir le tuairisciú airgeadais.

Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht laethúil na heagraíochta ag an bhFeidhmeannas. Cinntíonn an ARC go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh.

Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ceithre chomhalta atá ar an ARC agus seo a leanas na comhaltaí ag deireadh 2020:

- An tUasal Bill Cunningham, Cathaoirleach (Neamhspleách)
- An tUasal Michael Roche, comhalta neamhfheidhmiúcháin
- An tUasal Kevin Barron, ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí
- An tUasal Brendan O'Leary, ionadaí na Roinne Airgeadais

Bhí cúig chruinniú ag an ARC in 2020.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an ARC le haghaidh 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an ARC in 2020				
Líon na gcruinnithe a tionóladh: 5				
Ainm	Post	Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Bill Cunningham	Cathaoirleach	5/5	2,012	0
Kevin Barron	Ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí	4/5	0	0
Brendan O'Leary	Ionadaí na Roinne Airgeadais	4/5	0	0
Michael Roche	Gnáthchomhalta	5/5	1,131	0

Ní bhfuair na comhaltaí a leanas aon táille ón Údarás ná ón ARC faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin':

- Jacqui McCrum
- Gary Tobin
- Michael McGrath
- Kevin Barron
- Brendan O'Leary

Nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá sonraí maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 agus costais thuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i nóta uimhir a trí sna ráitis airgeadais.

Costais chomhairleachta

Cuimsítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe leo.

	2020 €	2019 €
Comhairle dhlí	155,662	211,685
Comhairle airgeadais/achtúireach	0	0
Caidreamh poiblí	0	0
Comhairleacht taighde	30,808	55,475
Acmhainní daonna	0	0
Feabhsú gnó	40,565	13,345
Comhairliúchán TFC	348,704	0
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	331,550	83,860
Costais chomhairleachta iomlána	907,289	364,365
	2020 €	2019 €
Costais chomhairleachta arna gcaipitliú ¹	348,704	0
Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	558,585	364,365
Iomlán	907,289	364,365

Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Soláthraítear miondealú leis an tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas san áireamh leis sin a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta arna fáil ag an Údarás atá nochta i gcostais chomhairleachta thuas.

	2020 €	2019 €
Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlíthiúla	1,458	14,122
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	0	0
Iomlán	1,458	14,122

¹ I gcás €288,479 de na costais chomhairleachta arna gcaipitliú, baineann siad le tionscadail forbartha TF atá ar siúl nach ndearnadh dímeas orthu go fóill agus léirítear mar Obair Chaipitil Idir Láimha iad i nóta 11. Baineann costais chaipitil le tionscadail bhonneagair TF agus rinneadh caipitliú orthu de réir na rialacha atá leagtha amach in FRS102.

Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2020 €	2019 €
Sa tír seo:		
- Comhaltaí an Údaráis	0	0
- Fostaithe	3,348	871
Idirnáisiúnta:		
- Comhaltaí an Údaráis	0	0
- Fostaithe	6,735	24,040
Iomlán	10,083	24,911

Caiteachas fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2020 €	2019 €
Fáilteachas d'fhostaithe ²	10,466	10,516
Fáilteachas do chliaint	0	118
Iomlán	10,466	10,634


Ráiteas um chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit sa bhliain 2020.



David Begg
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2021



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

24 Meitheamh 2021

² San áireamh leis sin tá ranníocaíocht le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Aithnímhise, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir chóras an rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

An Coiste Iniúcháireachta agus Bainistíocht Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás, atá comhdhéanta de chomhalta ón Roinn Coimirce Sóisialaí, comhalta ón Roinn Airgeadais agus beirt chomhaltaí seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta, duine acu atá ina Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile 5 huairé i gcaitheamh 2020.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinisithe curtha ar bun ag an Údarás freisin, ag a bhfuil acmhainní imleora agus a chuireann clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC.

D'fhorbair an tÚdarás beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an ARC an beartas agus na próisis bainistíochta riosca a fhaomhadh. Eisíodh an beartas le gach fostaí a bhfuiltear ag dúil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca an Údaráis

Creatlach riosca agus rialaithe

Tá clár rioscaí ag an Údarás ina sainiúitear bunrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinneadh meastóireacht ar na cróirioscaí

atá roimh an Údarás agus rangáíodh iad de réir a suntais. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an ARC agus an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár rioscaí go ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as iad a réiteach, don lucht bainistíochta, don ARC agus don Údarás, más cuí, go pras. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta a leanas i bhfeidhm:

- sainiúitear príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh arna sainiúint a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Covid-19

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar a oibriúcháir agus a chúrsaí airgeadais. Cé go bhfuil roinnt ábhair neamhchinnteachta ann, go háirithe maidir le héifeacht na paindéime ar ioncam ó tháillí na bliana 2022, tá muinín ag an Údarás go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022 agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin.

Measann an tÚdarás, de réir mar a bhaileofar fáiltais ó tháillí dá bhforáiltear faoi Acht na bPinean i gcomhréir leis na réamh-

mheastacháin, gur iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

Aithníonn an tÚdarás gur teagmhas suntasach í an phaindéim Covid-19 atá ar siúl ón dáta tuairiscithe. Tá meon lándáirire ag an Údarás i leith na paindéime agus tá monatóireacht leanúnach á déanamh aige ar chúrsaí.

Tá an gnó á fheidhmiú fós agus tá bearta i bhfeidhm chun fostaithe atá ag obair go cianda a chosaint. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí an Údaráis á gcoinneáil ar bun agus é ag dul in oiriúint don bhealach éagsúil ina bhfuil an gnó á réachtáil.

Ar an iomlán, is maith mar a d'éirigh le socrúithe cianoibre an Údaráis mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19 in 2020. In ainneoin na ndúshlán, d'éirigh leis na fostaithe dul in oiriúint go tapa, gairmiúil don timpeallacht oibre fhíorúil nua agus leanadh ar aghaidh leis an obair thosaíochta go léir, lena n-áirítear obair mhaoirseachta ó lá go lá agus freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ar an teileafón agus ar líne. Coinníodh na rialuithe airgeadais go léir ar bun agus d'oibrigh córais TF, an fheidhm earcaíochta agus an fheidhm soláthair go héifeachtach le linn na tréimhse sin. D'fhág Covid-19 go raibh obair bhreise shonrach le déanamh ag go leor fostaithe, a thacaigh le daoine a bhí ag obair ón mbaile agus a chuir chun feidhme beartais agus nósanna imeachta nua a ceanglaíodh faoi phrótacaíl an Rialtais maidir le déileáil le Covid-19 san ionad oibre.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chomhlíonadh. Aon cheist a ardaíodh le linn 2020 maidir le soláthar, tá siad aibhsithe in alt na gceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Is í obair na n-iniúcháirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá lucht bainistíochta sinsearaí san Údarás freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Soláthar neamhchomhlíontach

Le linn 2020, mar gheall ar riachtanais phráinneacha gan choinne, thabhaigh an tÚdarás caiteachas €55,350 i leith soláthar nach raibh iomaíocht i gceist leis, maidir le seirbhísí tacaíochta cuntasaíochta. Sa chás sin, níor chomhlíon na nósanna imeachta a leanadh na treoirlínte soláthair. Ionas nach dtarlódh sé sin arís, chuir an tÚdarás conradh i bhfeidhm in Aibreán 2021 chun seirbhísí cuntasaíochta a sholáthar.



David Begg
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2021

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020			
		2020	2019
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Táillí ar scéimeanna pinsean ceirde		3,954,198	3,842,619
Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta		3,958,237	3,539,343
Ioncam eile	2	1,712	7,068
Iomlán an ioncaim		7,914,147	7,389,030
Caiteachas			
Íocaíocht	3	5,850,242	4,800,328
Táillí chomhaltaí an Údaráis	5	20,520	20,520
Cíos agus costais oifige	6	794,249	834,897
Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	7	108,201	195,325
Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	8	220,367	189,822
Táillí gairmiúla	9	865,940	598,651
Riarachán ginearálta	10	899,937	663,534
Dímheas	11	228,350	140,368
Iomlán an chaiteachais		8,987,806	7,443,445
Barrachas/(easnamh) don bhliain		(1,073,659)	(54,415)
Cúlchiste ioncaim ar an 1 Eanáir		7,739,049	7,793,464
Barrachas/(easnamh) don bhliain		(1,073,659)	(54,415)
An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig		6,665,390	7,739,049

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2021



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

24 Meitheamh 2021

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020			
		2020	2019
	Nótaí	€	€
Barrachas/(easnamh) don bhliain		(1,073,659)	(54,415)
(Gnóthachain)/cailiteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir ³	18	(2,995,000)	1,072,000
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir		(4,544,000)	(3,719,000)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir	18	7,539,000	2,647,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		(1,073,659)	54,415

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2021



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

24 Meitheamh 2021

³ Léirítear le "Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir" an tionchar ar an luacháil dliteanais atá ag dífríochtaí idir na toimhdí a rinneadh ag tús na bliana agus an taithí iarbhrí i rith na bliana. Mar shampla, tagann gnóthachan nó cailiteanas chun cinn mar thoradh ar dhifríocht idir luachanna measta agus iarbhrí i gcás faisnéis bhásmhaireachta, boilsciú, boilsciú tuarastail, agus méaduithe ar phinsin.

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2020					
		2020		2019	
	Nótaí	€	€	€	€
Sócmhainní neamhreatha					
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	11		767,156		577,729
Sócmhainní reatha					
Infháltais	12	1,045,606		855,239	
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	17	7,148,260		8,198,557	
		8,193,866		9,053,796	
Suímeanna ó chreidiúnaithe dlite laistigh de 1 bhliain amháin					
Suímeanna iníoctha	13	795,632		392,476	
Glansócmhainní reatha			7,398,234		8,661,320
Glansócmhainní roimh shochair scoir			8,165,390		9,239,049
Sochair Scoir					
Dlíteanas sochair scoir	18		(36,120,000)		(27,146,000)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste	18		36,120,000		27,146,000
Glansócmhainní tar éis sochar scoir			8,165,390		9,239,049
Lena léiritear					
Cúlchiste fortheidhmithe comhlíontachta	15	1,500,000		1,500,000	
Cúlchiste ioncaim	15	6,665,390		7,739,049	
			8,165,390		9,239,049

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2021



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

24 Meitheamh 2021

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020			
		2020	2019
	Nótaí	€	€
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16	(633,192)	325,603
Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí cistithe Ús a fuarthas		672	3,323
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach		(417,777)	(244,626)
Íocaíochtaí ó chuntais taise ghearrthéarma-acha		0	6,545,498
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar a shamhail		(1,050,297)	6,629,798
Réiteach an ghlaninsreabhaidh airgid le gluaiseacht na nglanchistí	17		
Méadú/(Laghdú) ar glanchistí sa bhliain		(1,050,297)	6,629,798
Glanchistí ar an 1 Eanáir		8,198,557	1,568,759
Glanchistí amhail ar an 31 Nollaig		7,148,260	8,198,557

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas ginearálta

Cuireadh an tÚdarás ar bun faoi Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus tá príomhoifig an Údaráis lonnaithe ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis mar atá leagtha amach i gCuid 10 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú:

- faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus ar fhorbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne;
- comhairle a thabhairt don Aire, ar iarratas uaidh nó ar a chonlán féin, i dtaobh gach ní a bhaineann leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo agus i dtaobh nithe a bhaineann le pinsin i gcoitinne;
- treoirlínte a eisiúint maidir le dualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais a eisiúint maidir le gnéithe sonracha dá chuid freagrachtaí;
- spreagadh a thabhairt le go gcuirfear saoráidí oiliúna iomchuí ar fáil d'iontaobhaithe scéimeanna;
- comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh caighdeán d'iontaobhaithe scéimeanna agus i dtaobh na caighdeáin sin a chur i ngníomh;
- tuarascáil bhliantúil, agus cibé tuarascálacha eile is dóigh leis is gá ó am go ham, a fhoilsiú;
- cibé tascanna a dhéanamh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás.

Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

b) Ráiteas um chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn a n-ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mura bhfuil a mhalairt luaite, sa leagan amach atá faoia ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de

réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais an Údaráis.

d) Deontais ón Oireachtas

Is éard atá i ndeontais ón Oireachtas ná an méid a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun costas na sochar aoisliúntais a d'íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh. Aithnítear deontais ón Oireachtas sa bhliain inar íocadh na pinsin bhainteacha.

e) Ioncam ó tháillí

i) Táillí ar scéimeanna pinsin ceirde

Tá na táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéime de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtuil Uimh. 634 de 2010 - Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsin Ceirde (Táillí) (Leasú), 2010. Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana iarbhír agus tá na táillí i leith scéimeanna baill aonair iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás go ndéantar na táillí ar fad atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire agus na táillí atá dlite i leith scéimeanna baill aonair a chur san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

ii) Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

Suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táillí táirge agus táillí bliantúla, déantar iad a ghearradh ar sholáthraithe Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA). Déantar na táillí bliantúla PRSA a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí cláraithe ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amháil ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtuil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí) (Leasú), 2002.

f) Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoín, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim ar bhonn líne díri,

ón tráth a chuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Feidhmítear dímheas ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, ionas gur féidir sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe ó thaobh luach measta iarmharach, thar shaol ionchais gach catagóra chuí.

- Feabhsú ar léasacht 6¾% 15 bliana
- Trealamh ríomhaireachta 25% 4 bliana
- Troscán oifige 12½% 8 bliana
- Trealamh oifige 20% 5 bliana

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laghdú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaíthe sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

g) Léas oibriúcháin

Caitear le híocaíochtaí cíosa sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Sochair scoir (Féach nóta 18)

Cineál scéimeanna

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údarás Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993, agus tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí (an “Scéim Shamhlach”).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí – tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime (an “Scéim Aonair”).

Ní mhaoiníonn an tÚdarás na scéimeanna agus is é an Stáitchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údarás:

- déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);

- cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá ranníocaíochtaí fostóra a íocann an tÚdarás cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A i Scéim Aoisliúntais an Údarás Pinsean agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D. Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Shingil agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí;
- tá gealltanais follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Stáitchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite;
- Aithnítear sócmhainn atá comhfheagrach leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha i gcomhair sochar scoir ar an Scéim Shingil Pinsin Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus forálacha eile) 2012.

Go bunúsach, measann an tÚdarás gur leis an Údarás féin a fhanann an oibleagáid sochair phinsin a íoc ach tá sé geallta ag an Stáitchiste cistí leordhóthanacha a chur ar fáil don Údarás chun oibleagáidí den sórt sin a íoc de réir mar a bheidh siad dlite, ar choinníoll go n-íocfaidh an tÚdarás ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra ar rátaí arna sonrú ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin stáitchiste iarchurtha is infhála. Tá sonraí iomlána maidir le híocaíochtaí sochar aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus is ann d'ioncam comhfheagrach lena léirítear forchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Gnóthachain nó cailteanais achtúireacha na scéime

Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfheagrach ar an iarmhéid le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha ón stáitchiste. Is iad costais phinsin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe atá i gceist le ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Dlíteanais scéime

Tomhaistear dlíteanais scéime ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag foireann an Údarás ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar mhaoiniú sochair iarchurtha ón stáitchiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hobleagáide maidir le dlíteanais na scéime pinsin.

i) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, mar aon le forfheidhmiú an chomhlíonta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuar cén uair a thiocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d'fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar stuama nó riachtanach.

Aistrítear suimeanna ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta chuig an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe i gcás imeachtaí móra dlí .i. achomharc ar chaingean dlí san Ard-Chúirt.

j) Breithiúnais agus meastacháin chuntasáiochta chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin

féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin.

Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbheithniú déanta ag an Údarás ar shaol na sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara i gcás gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus chinn sé gur iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid sochair scoir

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhairreachta agus rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is ionann bonn an ghnóthais leantaigh agus breithiúnas criticiúil freisin.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.

2. Ioncam eile

Ioncam eile	2020 €	2019 €
Ioncam ó ús	672	3,323
Aisghabháil costas ionchúisimh	1,040	2,000
Ioncam ilghnéitheach	0	1,745
	1,712	7,068

3. Íocaíocht

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 71 (2019, 64) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 93.5 ag deireadh 2020 (2019, 95.5).

Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

Íocaíocht	2020 €	2019 €
Tuarastail	4,265,820	3,637,103
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra	810,962	696,916
Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra	433,739	369,520
Fostaithe gníomhaireachta/sealadacha	339,721	96,789
	5,850,242	4,800,328

Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad an príomhlucht bainistíochta san Údarás Pinsean an Rialtóir Pinsean agus Ceann na nOibríochtaí (Airgeadas). Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach fostaithe maidir le príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2020 €	2019 €
Tuarastail ⁴	271,085	264,076

⁴ Tá na figiúirí ag teacht leis na gráid mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/2020. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Údarás Pinsean agus den Scéim Aonair agus ní théann a gcuid teidíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí an scéim eiseamláireach pinsin seirbhíse poiblí.

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe⁵

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe		Líon na bhfostaithe	
Ó €	Go €	2020	2019
60,000	69,999	3	5
70,000	79,999	8	9
80,000	89,999	4	3
90,000	99,999	0	2
100,000	109,999	3	1
110,000	119,999	3	1
120,000	129,999	0	0
130,000	139,999	0	0
140,000	149,999	0	0
150,000	159,999	0	1
160,000	169,999	1	0

4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean ⁶

Luach saothair an Rialtóra Pinsean	2020 €	2019 €
Tuarastal	160,524	157,031
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	40,131	39,258
	200,655	196,289

Is ball de scéim pinsin an Údaráis Pinsean an Rialtóir Pinsean agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin dá chuid na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe shamplach. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas.

5. Táillí chomhaltaí an Údaráis

Táillí chomhaltaí an Údaráis		
Ainm	2020 €	2019 €
David Begg - Cathaoirleach	20,520	20,520

⁵ Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

⁶ San áireamh i gCostais fostaithe i nóta 3.

6. Cíos agus costais oifige

Cíos agus costais oifige	2020 €	2019 €
Cíos	558,400	558,400
Táille sheirbhíse	124,958	90,076
Rátaí	20,925	66,954
Leictreachas	43,233	38,038
Glantachán	18,062	37,946
Cothabháil ghinearálta	25,915	41,298
Stóras lasmuigh den láthair	2,756	2,185
	794,249	834,897

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifige ar an gcéad, dara agus ceathrú hurlár agus i mbonnlach ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliana, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001. Rinne an tÚdarás léas breise le haghaidh an tríú hurlár de Theach Verschoyle ón 21 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 15 Iúil 2026.

7. Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	2020 €	2019 €
Oiliúint agus oideachas	98,261	185,217
Costais a bhaineann le fostaithe ⁷	9,940	10,108
	108,201	195,325

8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	2020 €	2019 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta	158,083	138,089
Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin	62,284	51,733
Taighde margaidh tomhaltóirí	0	0
	220,367	189,822

⁷ Áirítear ranníocaíochtaí do choiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile leis.

9. Táillí gairmiúla

Táillí gairmiúla	2020 €	2019 €
Comhairle dhlí	157,119	225,806
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	331,550	83,860
Forbairt tionscadal	0	0
Comhairleacht maidir le feabhsú an chórais	0	77,389
Comhairleacht taighde	71,373	55,475
Táillí ar iniúchadh inmheánach	9,608	9,543
Táillí ar iniúchadh reachtúil	20,600	18,700
Comhairleacht agus fógraíocht earcaíochta	25,472	26,178
Eile ⁸	250,218	101,700
	865,940	598,651

10. Riarachán ginearálta

Riarachán ginearálta	2020 €	2019 €
Costais stáiseanóireachta agus riaracháin ⁹	28,808	98,187
Síntiúis chorparáideacha	181,227	175,651
Teileafón agus postas	49,013	35,262
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	555,477	259,282
Taisteal agus cothú ¹⁰	10,083	24,911
Árachas	54,865	53,781
Táillí bainc	20,464	16,460
	899,937	663,534

⁸ Áirítear comhairleoireacht TFC agus comhairle theicniúil AD leis seo.

⁹ Áirítear leis seo táillí €3,143 do chomhaltáin an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

¹⁰ San áireamh i gcostais taistil agus cothaithe bhí: a) taisteal thar lear - €6,735 (lena n-áirítear €6,245 ar thaisteal thar lear don Rialtóir Pinsean)) b) Speansais an Rialtóra Pinsean - €6,245 (lena n-áirítear €6,245 ar thaisteal thar lear) (2019 - €12,145). Bhain an taisteal thar lear, den chuid is mó, le rannpháirtíocht an Údaráis i ngníomhaíocht maidir le beartas rialála agus maoriseachta AE, agus go háirithe le freastal ar chruinnithe de chuid an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA).

11. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh¹¹

	Feabhsú ar léasacht €	Trealamh ríomhaireachta €	Oifig troscán €	Trealamh oifige €	Obair chaipitil idir lámha €	Iomlán €
Costas nó Luacháil						
Amhail an 1 Eanáir 2020	1,246,597	1,367,911	35,272	46,786	0	2,696,566
Breiseanna sa bhliain	0	129,298	0	0	288,479	417,777
Díúscairtí sa bhliain	0	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2020	1,246,597	1,497,209	35,272	46,786	288,479	3,114,343
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2020	1,158,110	897,873	30,298	32,556	0	2,118,837
Díúscairtí sa bhliain	0	0	0	0	0	0
Muirear don bhliain	6,270	216,328	1,038	4,714	0	228,350
Amhail an 31 Nollaig 2020	1,164,380	1,114,201	31,336	37,270	0	2,347,187
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2019	88,487	470,038	4,974	14,230	0	577,729
Amhail an 31 Nollaig 2020	82,217	383,008	3,936	9,516	288,479	767,156

12. Infháiltais

Suímeanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin:	2020 €	2019 €
Ioncam ó tháillí	599,500	559,800
Ús fabhráithe infhaighte	0	0
Réamhíocaíochtaí	343,434	160,749
Féichiúnaithe, eile	102,672	134,690
	1,045,606	855,239

13. Suímeanna iníochta

Suímeanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin:	2020 €	2019 €
Fabhruithe creidiúnaí	86,731	21,160
Fabhruithe pá saoire	95,324	45,194
Creidiúnaí cánach	189,629	116,109
Creidiúnaithe trádála	423,948	210,013
	795,632	392,476

¹¹ Cuimsítear leis an obair chaipitil idir lámha tionscadail forbartha TF atá ar siúl nach ndearnadh dímheas orthu go fóill.

14. Ceangaltais airgeadais**(i) Ceangaltais chaipitil**

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2020.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bhí le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

	2020 €	2019 €
Laistigh de 1 bhliain amháin	558,400	558,400
2-5 bliana	2,233,600	2,233,600
Os cionn 5 bliana	300,677	859,077
	3,092,677	3,651,077

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar chostas.

15. Cúlchistí ioncaim

	2020 €	2019 €
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta		
Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh	1,500,000	1,500,000
Cúlchiste ioncaim		
Ag deireadh na bliana	6,665,390	7,739,049
	8,165,390	9,239,049

16. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2020 €	2019 €
Barrachas don bhliain	(1,073,659)	(54,415)
Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad		
Ioncam airgeadais	(672)	(3,322)
Míreanna nach míreanna airgid iad		
Dímheas	228,350	140,368
(Méadú)/Laghdú ar infháltais	(190,367)	320,051
Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha neamhchaipitil	403,156	(77,079)
Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	0	0
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(633,192)	325,603

17. Anailís ar athruithe i sreafaí airgid

	Amhail an 1 Eanáir 2020 €	Sreabhadh airgid €	Amhail an 31 Nollaig 2020 €
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,647,194	657,316	2,304,510
Taiscí gearrthéarmacha	6,551,363	(1,707,613)	4,843,750
	8,198,557	(1,050,297)	7,148,260

18. Cur chuige cuntasafóichta i leith sochair scoir

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghsinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Stáitchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.

Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Is í an tsuim iomlán atá i gceist i ranníocaíocht fostóra le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsin, 25% de phá comhlán d'fhostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A. Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Shingil agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí;
- agus 30% de phá comhlán d'fhostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D agus is é an tÚdarás a íocann í;
- tá gealltanais follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Stáitchiste na costais nuair a bheidh siad dlíte.

a) Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochar scoir faoi FRS102 ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar chostas na sochar (costais seirbhíse) a fhabhraítear i rith na bliana. Bunaíodh an luacháil sin ar an modh aonaid tionscadail, agus bhí na heochairthoimhdí airgeadais seo a leanas mar bhunphrionsabal ann (déantar comparáid le 2019):

	31 Nollaig 2020	An 31 Nollaig 2019
Ráta lascaine ¹²	0.60% in aghaidh na bliana	1.30% in aghaidh na bliana
Ráta boilscithe	1.30% in aghaidh na bliana	1.40% in aghaidh na bliana
Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc	2.30% in aghaidh na bliana	2.40% in aghaidh na bliana
Méadú ar thuarastail inphinsin ¹³	2.30% in aghaidh na bliana	2.40% in aghaidh na bliana

¹² Sonraítear an ráta lascaine faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar an bhfáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán ar an dáta luachála.

¹³ Áirítear anseo liúntas i leith scálaí pá na hearnála poiblí.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun na dlíteanais sochair scoir a ríomh faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na tréimhse:

	31 Nollaig 2020		An 31 Nollaig 2019	
Básmhaireacht: roimh dhul ar scor	Dada		Dada	
Básmhaireacht: tar éis dul ar scor	58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh		58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh	
Ionchas saoil ag aois 65:	Fir	Mná	Fir	Mná
Dáta FRS:	21.8	24.2	21.6	24.1
Dáta FRS + 20 bliain:	24.1	26.2	24.3	26.6
Scor	Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.		Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.	
Bearna san aois	Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta bainneann 3 bliana níos óige ná a céile		Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta bainneann 3 bliana níos óige ná a céile.	

b) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas

	2020 €	2019 €
Ranníocaíocht iomláin an fhostóra	810,168	700,738
Coigeartuithe d'fhostaithe ar iasacht agus aistrithe	(-)	(3,822)
Costas reatha seirbhíse ¹⁴	1,424,000	1,015,000
Costas úis	369,000	487,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha an Státhiste	(1,793,000)	(1,502,000)
Méid iomlán a chuirtear chun dochar an ráitis ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe	810,168	696,916

¹⁴ Áirítear leis ranníocaíochtaí fostaí dar suim iomlán €328,000 in 2020 agus €295,000 in 2019.

c) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin

	2020 €	2019 €
Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir	27,146,000	23,369,000
Costas seirbhíse reatha	1,424,000	1,015,000
Costas úis	369,000	487,000
(Gnóthachain)/caillteanas ó thaithí ar dhliteanas scéime	2,995,000	(1,072,000)
Athrú sna toimhdí	4,544,000	3,719,000
Sochair a íocadh i rith na bliana	(358,000)	(372,000)
Glandliteanas pinsean amhail an 31 Nollaig	36,120,000	27,146,000

d) Coigeartuithe achtúireacha

	2020 €	2019 €
(Gnóthachain)/caillteanas ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir ¹⁵	2,995,000	(1,072,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha na hoibleagáide sochair scoir	4,544,000	3,719,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir	(7,539,000)	(2,647,000)

e) Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

	2020 €	2019 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	810,168	700,738
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	199,211	165,287
Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise	129,036	129,745
	1,138,415	995,770

Miondealú ar íocadh asbhaintí pinsean

Tá fostaithe de chuid an Údarás Pinsean ina mbaill de na scéimeanna a leanas:

- Scéim roimh 1995
- Scéim tar éis 1995
- Scéim aonair

¹⁵ An cailteanas achtúireach de bharr taithí, is é is cúis leis den chuid is mó:

- Aistriú ábhartha seirbhíse isteach sa Scéim le linn 2020 i gcás beirt bhall ghníomhacha.
- Ardú ar thuarastail in 2020 a bheith níos airde ná mar a measadh i gcás roinnt baill ghníomhacha.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin maidir le scéimeanna roimh 1995 agus tar éis 1995 a íoc leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an scéim aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Tá miondealú sa tábla thíos ar na híocaíochtaí.

	2020 €	2019 €
RCS:		
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	525,697	494,926
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	104,388	96,683
Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise	129,036	129,746
RCPA:		
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	284,471	205,812
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	94,823	68,603
	1,138,415	995,770

f) Fáiltais agus íocaíochtaí Aoisliúntais

	2020 €	2019 €
Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin ¹⁶	357,737	372,624
Sochair aoisliúntais íochta	(357,737)	(372,624)

19. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó i bhfeidhm ag an Údarás i leith comhaltaí dá chuid de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuimsítear leis an gCód um Iompar Gnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údarás, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana atá cuimsithe sna ráitis airgeadais seo. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais in 2020 le comhaltaí an Údarás ach amháin na táillí Údarás atá mionsonraithe i Nóta 5 a íoc.

20. Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorporáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

21. Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an tÚdarás gur teagmhas suntasach í an phaindéim Covid-19 atá ar siúl ón dáta tuairiscithe. Tá meon lándáirire ag an Údarás i leith na paindéime agus tá monatóireacht leanúnach á déanamh aige ar chúrsaí. Tá an gnó á fheidhmiú fós agus tá bearta i bhfeidhm chun fostaithe atá ag obair go cianda a chosaint. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí an Údarás á gcoinneáil ar bun agus é ag dul in oiriúint don bhealach éagsúil ina bhfuil an gnó á réachtáil.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údarás na ráitis airgeadais ar an 24 Meitheamh 2021.

¹⁶ Fo-cheannteideal A41.2, Vóta 37 na Roinne Coimirce Sóisialaí.

AGUISÍN I

Ballraíocht i scéimeanna pinsean ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta*

Tábla 1: Scéimeanna le sochar sainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2020

Scéimeanna le sochar sainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2020						
Méid na Scéime	Le Sochar Sainithe				Gach Scéim le sochar sainithe	
	Faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe		Nach bhfuil faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe			
	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Caltha	191	0	0	0	191	0
Á fhoirceannadh	7	0	0	0	7	0
Méid na scéime de réir baill ghníomhacha						
Nach Grúpa	0	0	0	0	0	0
0 go dtí 50	235	3,089	40	739	275	3,828
51 go dtí 99	32	2,235	12	842	44	3,077
100 go dtí 500	70	17,191	25	5,163	95	22,354
501 go dtí 1000	15	9,954	10	8,048	25	18,002
1001+	16	79,867	18	390,991	34	470,858
Iomlán in 2020	566	112,336	105	405,783	671	518,119
Iomlán in 2019	597	105,712	104	395,098	701	500,810
Athrú ó 2019	-31	6,624	1	10,685	-30	17,309

Tábla 2: Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2020


Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2020		
Méid na scéime de réir baill ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Nach Grúpa	73,804	73,804
1-10	5,429	16,960
11-20	1,043	15,498
21-30	517	13,013
31-40	308	10,833
41-50	203	9,197
51-99	437	30,594
100-500	352	74,934
501-1000	67	45,672
1001+	51	120,539
Iomlán in 2020	82,211	411,044
Iomlán in 2019	74,866	381,430
Athrú ó 2019	7,345	29,614

*Tá sonraí faoi bhallraíocht scéimeanna bunaithe ar shonraí faoi chlárú i scéimeanna arna soláthar don Údarás ag aonáin rialáilte.

Sonraí PRSA

Tháinig méadú 13,767 ar líon na gconarthaí PRSA in 2020 agus is ann do 312,299 acu anois. Is é €8 billiún luach na sócmhainní atá á mbainistiú. Cuimsíodh na nithe a leanas leis na conarthaí:

- 228,915 conradh caighdeánach PRSA, agus
- 83,384 conradh neamhchaighdeánach PRSA.



An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 KX27

Teileafón: (01) 613 1900
www.antudaraspinsean.ie

ISSN 1649 8690